An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

**Tuairisciú ar an Tionchar ar an gComhshaol**

**Treoirlínte maidir le hIarratais ar an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta**

## Léargas Ginearálta

Ba cheart d'iarratasóirí ar an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta (HOSF) Plean Tionchair ar an gComhshaol a chur san áireamh ina léirítear inbhuanaitheacht agus freagracht comhshaoil. Cinntíonn seo go dtagann tionscadail le spriocanna caomhnaithe, aeráide agus éiceolaíochta. Déanfar measúnú air seo mar chuid den iarratas faoi *Chritéir 4 Tionchar Oidhreachta, Sóisialta agus Comhshaoil an Chistithe*.

Is féidir Tionchar Comhshaoil an Tionscadail a chur san áireamh san iarratas faoin mír *Tionchar* mar fhreagairt don cheist "*Conas a chinnteoidh tú go n-imreoidh d'obair tionchar dearfach comhshaoil ar an iomlán? Ba mhaith linn eolas a fháil faoi na bearta a ndeachthas ina mbun agus faoin smaoineamh a rinneadh leis an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus do phlean oibre á sholáthar",* nó mar rogha air sin, déan achoimre anseo orthu agus déan é a uaslódáil mar cháipéis leis féin.

Ba cheart achoimre a thabhairt ar shonraí ábhartha freisin sa Chlár Oibre Teimpléid faoin teideal "*Tionchair fhéideartha aeráide agus bhithéagsúlachta an tionscadail agus céimeanna lena maolú nó lena n-oiriúnú*".

## Na Rudaí is Mó a bhfuil Súil leo

1. Inbhuanaitheacht: Taispeáin conas a íoslaghdaíonn an tionscadal díobháil don chomhshaol agus a thacaíonn sé le cleachtais inbhuanaithe agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
2. Bithéagsúlacht: Pléigh tionchair fhéideartha ar an bhflóra agus fána áitiúil agus beartaigh straitéisí maolaithe.
3. Bainistíocht Acmhainní: Cuir pleananna san áireamh chun úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní, dramhaíl a laghdú, agus d'athchúrsáil.
4. Rannpháirtíocht sa Phobal: Taispeáin an bhaint a bhíonn ag pobail áitiúla i dtaobh dul i ngleic le buarthaí comhshaoil.
5. Monatóireacht: Cuir creat ar fáil do mhonatóireacht leanúnach ar an gcomhshaol agus d'oiriúnú leanúnach.

## An Struchtúr a Mholtar do Phlean

1. Léargas Ginearálta ar an Tionscadal:
    - Cur síos gearr ar spriocanna agus ar an láthair.

    - Achoimre ar an gcomhthéacs comhshaoil.
2. Measúnú Bonnlíne:
    - Príomhchoinníollacha comhshaoil agus gnéithe íogaire.
3. Measúnú Tionchair:
    - Sainaithin rioscaí agus measúnaigh éifeachtaí carnacha.
4. Plean Maolaithe:
    - Straitéisí le tionchair dhiúltacha a laghdú nó a sheach-chur.
5. Monatóireacht:
    - Táscairí, modhanna, agus sceideal tuairiscithe.
6. Comhlíonadh:
    - Fianaise ar ailíniú dlíthiúil agus rialála.

Beidh sonraí ag teastáil faoi conas a cuireadh an plean i bhfeidhm ag an gcéim thuairiscithe deiridh do thionscadail rathúla.

**Nótaí Breise**

- Tabhair cuir chuige nuálacha nó atá seasmhach ó thaobh na haeráide chun solais.
- Cuir comhpháirtíochtaí le saineolaithe comhshaoil san áireamh.
- Úsáid seicliostaí agus na hacmhainní atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta chun tacaíocht a fháil https://www.heritagecouncil.ie/advice-and-guidance/resources.